

Stad an Bhus

Scríofa ag James Conor Patterson

LIOSTA TEILGTHE:

Paddy Neary

Naomh Pheadair (St. Peter) Tiománaí bus

Rólanna eile: Guth uathoibríthe ag fógairt an chéad bhus eile 1. ISTIGH. URLÁR ÍOCHTAIR BUS DHÁ STÓR SAN OÍCHE.

Fuaim doras bus ag hisseadh, ag oscailt. Díomhaoin an t-inneall agus an sceitheadh ag gliogarnach. Osclaíonn an TIOMÁNA an doras chuig a bhoth and siúlann sé síos an carráiste, céim ar chéim, go dtígo gcloisimid a chuid anáilthe, cosúil go bhfuil sé ina sheasamh díreach in aice linn.

TIOMÁINÍ

Mon anois, stad deireanach. Tá áiteanna agam le bheith. Tagann PADDY ina dhúiseacht, ag iontógáil géar anála.

PADDY

Cá bhfuil me?

TIOMÁINÍ

Is cuma cá bhfuil tú, táim tar éis fanacht.

Tagann fuaim na báistí isteach de réir a chéile thar barr an torainn chúlra eile.

PADDY

Tá sé ag stealladh lasmuigh.

Ná bac le sin, dul ar foscadh

Níl am

TIOMÁINÍ

ón mbáisteach ag stad an bhus sin más

gá duit.

PADDY ...

TIOMÁINÍ agamsa dó seo!

Fuaim PADDY ag gobadh amach as a shuíochán.

PADDY

Agus níl le déanamh agat ach mé a fhágáil anseo, 'sea?

TIOMÁNAÍ

Sin thart ar an méid de, sea.

Ligeann PADDY osna ós árd.

PADDY

An féidir leat an t-am a insint dom ar a laghad? Cathain a bheidh an chéad bhus eile ann?

Fuaim an TIOMÁINÍ ag dul ar ais isteach sa bhothán agus ag dúnadh an dorais.

TIOMÁINÍ

Tá súil agam gur féidir an fear thall ansin an t-am a insint duit.

Fuaim na ndoirse ag dúnadh agus an bus ag imeacht. Treisíonn fuaim na báistí.

PADDY F-Fan-

Fuaim na gearanna ag astrú agus an bus ag tiomáint i bhfad i gcéin.

PADDY Liúdramán..

Ag briseadh an ceathrú balla, tugann PADDY aghaidh ar dhuine atá ag breathnú. Linn, b'fhéidir, nó Dia.

PADDY

Tá mo shaol ar fad mar seo. Iartar ort imeacht, cosc orm filleadh, diúltaíodh cead isteach. Go deimhin, díreach an tráthnóna seo bhí mé - bhí mé ... Is rud craiceáilte é. Go tobann ní cuimhin liom cá raibh mé. Bhíos ag argóint leis an bhfear ar an cé nuair nach dtabharfaidh sé mo bhuidéal ar ais, agus ansin-- Agus ansin...

2. SEACHTRACH. TÁ DROCHSHOLAS AR AN STAD BUS AR BÓTHAR TUAITHE TRÉIGHTE.

Fuaim na gcos agus PADDY ag bogadh i dtreo stad an bhus. Tá PADDY ag monabhar leis féin agus é ag léamh an amchláir atá greamaithe ar chúl bhalla an scáthlán bus.

PADDY

Ifréann... Purgadóir... Flaithis...

Cuireann GUTH UATHOIBRÍOCH isteach ar snáithe smaointe PADDY. Tagann an GUTH UATHOIBRÍOCH ó chainteoir atá taobh istigh de stad an bhus. Tá an guth glórach agus labhraíonn sé le blas cineálach, bog Gaeilge.

GUTH UATHOIBRÍOCH

Go raibh maith agat as taisteal le EternaBus. Beidh an chéad

seirbhís eile an sé seasca sé go..... Ifréann. Ag freastal ar.... Ifréann.

Cuireann PADDY ceist ar an bhfear a bhí ina shuí ag an stad ó tháinig sé ann.

PADDY

M'leithscéal a mháistir, b'fhéidir gur ceist amaideach í seo....An bhfuilim fós i mBaile Átha Cliath? Bhíos amach ar na cannaí agus cheapaim gur chuaigh mé im choladh ar an mbus. An gcreidfeá é sin! Haha!

PETER ...

PADDY

Níl aithne agam ar na hestáit seo. An fhorbairt iompair nua í Ifréann nó céard? Is cosúil nach cuimhin liom go maith conas a tháinig mé anseo.

PETER ...

Ligeann PADDY osna.

PADDY

Ar a laghad, d'fhéadfá an t-am a thabhairt dom? An rud deireanach is cuimhin liom ná ag streachailt le scata bhuachaill, agus ansin....

PETER

Tá sé thar am agat do bhreithiúnas a thabhairt, Paddy Neary.

PADDY

Cad é? Cé- Cén chaoi a bhfuil fhois agat ar m'ainm?

PETER

Tá aithne agam ort ar feadh do shaol, Paddy. Nach n-aithníonn tú mé?

Ciúnas gairid agus PADDY ag measnamh ar an bhfear seo.

PADDY

Breathnaíonn tú rud beag cosúil le fear ó ‘Who wants to be a Millionaire’, ach i ndáiríre, níl cliú agam.

PETER

Ar chuala tú riamh an t-amhrán Stones ‘Comhbhrón don Diabhal’?

PADDY ‘Sea?

PETER Bhuel ní mise é.

PADDY Ceart.

PETER

Ach is duine éigin mé. Duine éigin thábhachtach.

PADDY

PETER Smaoinigh ar do bhiabla.

PADDY Í-Íosa?

PETER

Ní Íosa, is duine amaideach tú! Bain triail eile as.

PADDY Lazarus?

Peter

Lazarus!? An bhfuil chuma orm gur adhlacadh beo mé?

PADDY Níl, ach-

PETER

Is mise Peter

PADDY

PETER

Naomh Peter atá i gceist agat? ‘Tusa an charraig ar a dtógfaidh mé m’eaglais? Céasta ar chros bun os cionn?

PADDY ...

PETER

Níl a fhois agat i ndáiríre cé hé Naomh Peter?

PADDY

Ó, tá a fhois agam cé hé gan amhras. Ach tá sé ag dul crua orm crediúint gur tusa an fear ag geataí na bhflaitheas.

Tagann fógra an GUTH UAITHOIBRITHE ar ais arís sa chúlra agus chéad líne PADDY eile ag teacht isteach.

PADDY Cabra?

PETER

Ó, a Mhac Dé. Fiú amháin ní chreideann tú é sin!

Déanann PADDY beag is fiú den smaoineamh.

PADDY

Is iad seo geataí na bhflaitheas, mar dhea, an bhfuil?

PETER Ceart.

PADDY

Tá sibh tar éis cúpla ciorraithe a dheánamh an bhfuil? Tá an fear ag eirí tiosach lena cuid airgid.

Fuaim peann ag scríobadh ar pháipéir.

PADDY

Cad tá á scríobh agat?

PETER

Na rudaí atá á rá agat.

PADDY Cén fáth?

PETER

Úsáidtear iad chun macnamh a dheánamh ort sa bhreithiúnas.

PADDY Breithiúnas, an ea?

PETER ‘Sin ceart.

PADDY

Agus mar sin cad a bhéadh an scór dá ndéarfainn leat go gceapaim go bhfuil tú lán de chac.

PETER

Ní scór iontach é, chun a bheith macánta.

PADDY

Nó nár labhair mé leis an bhfear mór ó rinne mé mo dheimhniú. Tá sé an-chiúin ar feadh an chuid is mó de mo shaol.

PETER

Aah, bhuel, glacaim leis go bhfuil a fhois againn é sin go léir. Thit tú isteach leis na gotaigh ar scoil agus chuir tú geall ar do shlánú síoraí ar Richard Dawkins. An peaca is mó atá ansin ná cé chomh dona is atá an scríbhneoireacht.

Fuaim an ghutha uathoibríthe sa chúlra.

PETER

Féach PADDY, beidh an bus go hIfréann ag teacht aon soicind anois agus tá seans deireanach amháin agat tú féin a fhuascailt. An bhfuil aon rud le rá agat i do chosaint?

PADDY

An bus go hIfréann, an bhfuil?

PETER Tá sé.

PADDY An Bhfuil-

PETER

Ná habhair é.

PADDY

An bhfuil

An bhfuil an bus chun mé a thabhairt go Sráid an tSirriam?

Phléascann PADDY amach ag gáire. Tá PETER ag monabhar leis féin.

PETER

Bhuel rinne mé iarracht, a Athair.

Socraíonn PADDY síos ag gáire

PADDY

Cad atá tú ag rá?

PETER

Dúirt mé go ndearna mé iarracht, a amadán! Nach bhfuil fonn ar bith ort tú féin a shábháil?

PADDY

Níl fonn orm i ndáiríre, níl.

Séideann fuaim innill isteach ó chónagar. Tagann an fheithicil níos gaire dúinn. Aithnímid fuaimanna an bhus ag stopadh, crochadh an bhus ag siosarnach agus ag dí-chomhbhrú, agus na doirse ag oscailt. Deireann an Guth Uathoibríoch ‘Sé seasca sé go ... Ifréann’.]

PETER

Tá do charbad anseo, a Phádraig óg.

PADDY Ach-

Tagann an TIOMÁINÍ romham sa chómhrá. Glaonn sé óna bhoth i dtreo na cosán.

TIOMÁNAITHE

Déan deifir, Neary, níl an oíche ar fad agam!